# CAIBIDIL 1

# AN COIMISIÚN MEABHAIR-SHLÁINTE: FEIDHMEANNA & STRUCHTÚIR

## 1.1 AN COIMISIÚN MEABHAIR-SHLÁINTE

Bunaíodh an Coimisiún Meabhair-Shláinte, comhlacht reachtúil neamhspleách, i mí Aibreáin 2002 faoi fhorálacha an Achta Meabhair-Shláinte, 2001.

Is iad príomhfheidhmeanna an Choimisiúin, mar a shonraítear san Acht Meabhair-Shláinte iad, ná bunú agus coinneáil ardchaighdeáin agus dea-chleachtais maidir le seirbhísí meabhair-shláinte a sholáthar a chur chun cinn, a spreagadh agus a chothú agus na céimeanna réasúnta ar fad a thógáil chun leasanna na ndaoine atá coinnithe in ionaid formheasta a chosaint (Alt 33 (1)).

Cuimsíonn sainchúram an Choimisiúin an raon leathan de sheirbhísí meabhair-shláinte lena n-áirítear seirbhísí ginearálta meabhair-shláinte do dhaoine fásta, seirbhísí meabhair-shláinte do leanaí agus ógánaigh, daoine scothaosta, daoine a bhfuil míchumais intleachtúla orthu agus seirbhísí meabhair-shláinte fóiréinseacha.

Tá 13 duine ar an gCoimisiún, leis an gCathaoirleach san áireamh, agus iad ceaptha ag an Aire Sláinte agus Leanaí. Seo a leanas mar atá ballraíocht an Choimisiúin:

- Duine a raibh ar a laghad 10 mbliana de thaithí mar abhcóide nó aturnae cleachtach sa Stát aige/aici, ag críochnú díreach sula gceaptar chuig an gCoimisiún é/í.
- Beidh triúr ionadaíoch ar chleachtóirí leighis cláraithe (agus síciatraithe sainchomhairleacha beirt acu) le suim ar leith nó saineolas maidir le seirbhísí meabhair-shláinte a sholáthar.
- Beidh beirt ionadaíoch ar altraí cláraithe a bhfuil a gcuid ainmneacha iontráilte sa rannán atá infheidhmithe d'altraí síciatracha i gclár na n-altraí a choinníonn An Bord Altranais faoi alt 27 d'Acht na nAltraí, 1985.
- Beidh duine amháin ionadaíoch ar oibrithe sóisialta le suim ar leith nó saineolas maidir le seirbhísí meabhair-shláinte a sholáthar.
- Beidh duine amháin ionadaíoch ar shíceolaithe le suim ar leith nó saineolas maidir le seirbhísí meabhair-shláinte a sholáthar.
- Beidh duine amháin ionadaíoch ar leas an phobail i gcoitinne.
- Beidh triúr ionadaíoch ar na heagraíochtaí deonacha a chuireann leas na ndaoine atá ag fulaingt de bharr meabhair-shláinte chun cinn (agus beirt acu ar a laghad ina dhaoine atá nó a bhí ag fulaingt de bharr meabhair-shláinte).
- Beidh duine amháin ionadaíoch ar phríomhfheidhmeannaigh na mbord sláinte.
- Ní bheidh níos lú ná ceathrar mná ná níos lú ná ceathrar fir ar an gCoimisiún.

Beidh baill an Choimisiúin i seilbh oifige ar feadh tréimhse nach sáraíonn cúig bhliana.

Eagraíodh aon chruinniú déag den Choimisiúin Meabhair-Shláinte i 2007, lena n-áirítear dhá chruinniú lae i mí an Mheithimh 2007 agus dhá theileachomhdháil. Glacann baill an Choimisiúin páirt i gcoistí atá bunaithe ag an gCoimisiúin Meabhair-Shláinte freisin.

## 1.2 COISTÍ AN CHOIMISIÚIN MEABHAIR-SHLÁINTE 2007

Tá roinnt coistí bunaithe ag an gCoimisiúin Meabhair-Shláinte chun comhairle a thabhairt maidir le raon leathan saincheisteanna:

### An Coiste Iniúchóireachta

An tUas. Gavin Maguire (Cathaoirleach), an tUas. Vicki Somers, an tUas. Padraig Heverin, an tUas. Brendan Byrne, an tUas. John Redican.

### An Lá Domhanda Meabhair-Shláinte 2007

An tUas. Martin Rogan, an tUas. Marie Devine, an tUas. John Saunders, an tUas. Bríd Clarke, an tUas. Marina Duffy.

### Coiste Sheirbhísí Meabhair-Shláinte Leanaí agus Ógánach

An Dr. Brendan Doody (Cathaoirleach), an tUas. Vicki Somers, an tUas. Martin Rogan, an tUas. Marie Devine, an tUas. Bríd Clarke, an tUas. Patricia Gilheaney, an Dr. Susan Finnerty.

### Cur Chuige Téarnaimh laistigh de Sheirbhísí Meabhair-Shláinte na hÉireann

An tUas. John Saunders (Cathaoirleach), an tUas. John Redican, an tUas. Vicki Somers, an Dr. Mary Keys, an tUas. Bríd Clarke, an tUas. Rosemary Smyth. An tUas. Rhona Jennings

### Coiste Seirbhísí Meabhair-Shláinte Fóiréinseach

An tUas. Des McMorrow (Cathaoirleach), an tUas. Padraig Heverin, an tUas. John Saunders, an tUas. Brendan Byrne, an Dr. Gerry Cunningham.

### Coiste Taighde an Choimisiúin Meabhair-Shláinte

An tOllamh Patrick Wall (Cathaoirleach), an Dr. Jim Campbell, an tUas. Elizabeth Brosnan, an Dr. Patricia Clarke, an Dr. Elizabeth McKay, an Dr. Eadbhard O'Callaghan, an tOllamh Tom O'Dowd (d'éirigh as i Márta 2007), an tOllamh Chris Stevenson, an Dr. Dermot Walsh, an Dr. John McCarthy, an Dr. Fiona Keogh.

### Grúpa Oibre Póilíneachta agus Seirbhísí Meabhair-Shláinte

An Dr. John Owens (Cathaoirleach), an Dr. Mary McGuire, an tUas. Martin Connor, an tUas. Vicki Somers, an tUas. Diarmaid McGuinness, an Dr. Philip Wiehe, an tUas. Gerry Coone, Ceannfort John Shanahan.

### Grúpa Oibre um Chód Cleachtais do Sheirbhísí Meabhair-Shláinte do Dhaoine a bhfuil Míchumas Intleachta orthu.

An tUas. Michael Kelly (Cathaoirleach), an tUas. Paul Alford, an tUas. Michelle Bergin, an tUas. Brendan Broderick, an tUas. Caroline Cannon, an tUas. Gerry Cobbe, an Dr. Mary Davis, an Dr. Philip Dodd, an tUas. Bríd Leahy, an tUas. Gerry Raleigh, an tUas. Annie Ryan, an Dr. Mary Staines, an tUas. Olive Potterton, an tUas. Patricia Gilheaney, an tUas. Lisa O'Farrell

### Coiste na nGlacthaí Cuidithe

An tUas. Emile Daly (Cathaoirleach), an tUas. Padraig Heverin, an tUas. Brendan Byrne, an tUas. John Redican, an Dr. Eamonn Moloney, an Dr. Gerry Cunningham

## 1.3 STRUCHTÚR EAGRAÍOCHTÚIL

Déanann an tAcht Meabhair-Shláinte 2001 foráil chun Príomh-Oifigeach Feidhmiúcháin don Choimisiún agus Cigire na

Seirbhísí Meabhair-Shláinte a cheapadh.

Tá freagracht ag an bPríomhoifigeach Feidhmiúcháin (POF), atá ceaptha ag an gCoimisiún, as bainistiú agus rialú foriomlán a dhéanamh ar riarachán agus gnó an Choimisiúin. Is é an Príomhoifigeach Feidhmiúcháin an t-oifigeach freagrach don eagraíocht.

Tá Cigire na Seirbhísí Meabhair-Shláinte, síciatraí sainchomhairleach, ceaptha ag an gCoimisiún. I measc príomhdhualgais Chigire na Seirbhísí Meabhair-Shláinte tá:

Dualgais Reachtúla:

- Cuairt a thabhairt agus cigireacht a dhéanamh ar ionaid formheasta agus áitribh eile ina bhfuil seirbhísí meabhair-shláinte á sholáthar de réir Ailt 51-53 den Acht Meabhair-Shláinte 2001

- Tabhairt faoi athbhreithnithe bliantúla ar sheirbhísí meabhair-shláinte sa Stát agus tuarascáil a sholáthar don Choimisiún de réir Alt 51 den Acht Meabhair-Shláinte 2001

- Ar iarratas ón gCoimisiún de réir Alt 55 den Acht Meabhair-Shláinte 2001, tabhairt faoi fhiosrúcháin maidir le hionaid formheasta, an cúram agus an cóir leighis a chuirtear ar fáil d'othair ar leith nó cúrsaí eile ina mheastar fiosrúchán a bheith oiriúnach, agus tuarascáil a chur faoi bhráid an Choimisiúin

Déanann an tAcht Meabhair-Shláinte foráil chun Cigirí Cúnta na Seirbhísí Meabhair-Shláinte a cheapadh freisin.

## Foireann an Choimisiúin Meabhair-Shláinte 2007 (Deireadh na Bliana)

Príomhoifigeach Feidhmiúcháin:
An tUas. Bríd Clarke

Cigire na Seirbhísí Meabhair-Shláinte:
An Dr. Susan Finnerty

Stiúrthóir Caighdeán agus Dearbhú Cáilíochta
An tUas. Patricia Gilheaney

Stiúrthóir na mBinsí Meabhair-Shláinte:
An Dr. Gerry Cunningham

Stiúrthóir um Sheirbhísí Corparáideacha:
An tUas. Ray Mooney

Stiúrthóir Oiliúna agus Faisnéise:
An tUas. Rosemary Smyth

Comhairleoir Taighde:
An Dr. Fiona Keogh

Síciatraithe Sainchomhairleacha
An Dr. Fiona Fenton
An Dr. Maria Frampton
An Dr. Maria Morgan
An Dr. Dermot Walsh
An Dr. Evelyn McCabe
An Dr. Maria Moran
An Dr. Fidelma Corcoran
An Dr. Eugene Morgan
An Dr. Nora Crowley Barry
An Dr. Eugene Hill
An Dr. Donald McDonald
An Dr. Mary Darby

Oifigeach Faisnéise Meabhairshláinte:
An tUas. Deidre Hyland

Oifigeach Beartais:
An tUas. Lisa O'Farrell

Cigirí Cúnta:
An tUas. Rhona Jennings
An tUas. Maeve Kenny
An tUas. Sean Logue
An tUas. Des McMorrow

Riarachán:
An tUas. Melissa Alexander
An tUas. Sandra Curran
An tUas. Marina Duffy
An tUas. Brid Flood
An tUas. Kevin Foley
An tUas. Andrew Goodwin
An tUas. Deirdre Hanratty
An tUas. Marie Higgins
An tUas. Richard Luey
An tUas. Monica Martin
An tUas. Erica McCluskey
An tUas. Mathew Morenigbade
An tUas. Helena Moloney
An tUas. Brian O'Sullivan
An tUas. Ulla Quayle
An tUas. Colette Ryan
An tUas. Eilis Scully
An tUas. Anna Whiston